



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An tSraith Shóisearach, 2024

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Matamaitic

Gnáthleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Struchtúr na scéime marcála

Marcálfar freagraí ó iarrthóirí de réir scálaí éagsúla, ag brath ar na cineálacha freagartha a bhfuiltear ag súil leo. Roinneann scálaí lipéadaithe A freagraí iarrthóirí ina dhá chatagóir (ceart agus mícheart), roinneann scálaí lipéadaithe B freagraí iarrthóirí ina dtrí chatagóir (ceart, ceart i bpáirt, agus mícheart). agus a leithéid. Déantar achoimre sa tábla seo ar na scálaí agus ar na marcanna a ghineann siad ar an bpáipéar scrúdaithe seo:

Lipéad an scála	A	B	C	D
Líon na gcatagóirí	2	3	4	5
Scála 5 mharc	0, 5	0, 2, 5	0, 2, 3, 5	0, 2, 3, 4, 5
Scála 10-marc		0, 6, 10	0, 3, 8, 10	0, 3, 6, 9, 10
Scála 15-mharc		0, 10, 15	0, 3, 10, 15	0, 3, 9, 13, 15
Scála 20-mharc			0, 7, 13, 20	0,5,10,15,20

Tugtar tuairisceoir ginearálta ar gach pointe ar gach scála thíos. Tugtar treoracha níos sonraí sa scéim maidir le ciall a bhaint as na scálaí i gcomhthéacs gach ceist, de réir mar is gá.

Scálaí marcála – tuairiscín leibhéal

Scálaí-A (dhá chatagóir)

- freagra mícheart (gan chreidiúint)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

Scálaí-B (trí chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (gan chreidiúint)
- freagra ceart i bpáirt (páirtchreidiúint)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

Scálaí-C (ceithre chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (gan chreidiúint)
- freagra le roinnt fiúntais (páirtchreidiúint íseal)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

Scálaí-D (cúig chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (gan chreidiúint)
- freagra le roinnt fiúntais (páirtchreidiúint íseal)
- freagra thart ar leath-cheart (páirtchreidiúint mheánach)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

I gcásanna áirithe, lena bhfuil slánú mícheart, aonad in easnamh, míléamh nach ndéanann róshimpliú ar an obair, nó earráid uimhríochta nach ndéanann róshimpliú ar an obair déanta, is féidir marc atá marc amháin níos lú ná an marc creidiúint iomlán a thabhairt. Tugtar *Creidiúint Iomlán -1* ar an leibhéal creidiúna seo. Dá bhrí sin, mar shampla, i Scála 10C, féadfar *Creidiúint Iomlán 1* de 9 marc a thabhairt.

Ní bhronntar marc ar bith seachas na marcanna sin ar an scála cuí, agus *Creidiúint Iomlán (-1)*.

Go ginearálta, glac le hobair an iarrthóra i bpáirt amháin de cheist le húsáid i bpáirteanna dá éis den cheist, ach amháin má dhéanann seo róshimpliú den obair atá i gceist.

Achoimre ar leithdháileadh marcanna agus na scálaí atá le cur i bhfeidhm

Ceist 1 (30)

- (a) 20D
- (b) 10C

Ceist 2 (35)

- (a) 15D
- (b) 10D
- (c) 10D

Ceist 3 (25)

- (a) 10C
- (b) 10C
- (c) 5C

Ceist 4 (20)

- (a)(b) 5D
- (c) 10C
- (d) 5C

Ceist 5 (5)

5C

Ceist 6 (15)

15D

Ceist 7 (5)

5C

Ceist 8 (60)

- (a) 20C
- (b)(i)(ii)(iii) 10D
- (b)(iv) 5B
- (c)(i)(ii)(iii) 15D
- (c)(iv) 10B

Ceist 9 (20)

- (a)(b) 5D
- (c) 10B
- (d) 5C

Ceist 10 (20)

- (a) 10C
- (b) 5B
- (c) 5C

Ceist 11 (30)

- (a) 15C
- (b) 10C
- (c) 5C

Ceist 12 (5)

- (a)(b)(c) 5D

Réitigh Shamplacha & Nótaí Marcála


Nóta: Ní cheaptar go mbeidh na réitigh samplacha do gach ceist uileghabhálach- is féidir réitigh chearta eile a bheith ann. Ba chóir do Scrúdaitheoir ar bith nach bhfuil cinnte faoin mbailíocht modha atá déanta ag iarrthóir áirithe le ceist áirithe teagmháil a dhéanamh lena Scrúdaitheoir Comhairleach.

Nuair a dhéantar tagairt do “obair lena ngabhann fiúntas” sna nótaí marcála, tugtar sampla(i) chun caighdeán na hoibre a mheas mar obair lena ngabhann fiúntas a léiriú sa cheist áirithe sin.

C1	Réiteach Samplach – 30 Marc	Nótaí Marcála				
(a) (i)(ii) &(iii)	(i) 931	Scála 20D (0, 5, 10, 15, 20) Glac le freagra ceart gan obair <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> <ul style="list-style-type: none"> Obair lena ngabhann fiúntas in aon chuid amháin m.sh. $7-5=2$ i gcuid (iii) <i>Páirtchreidiúint Mheánach:</i> <ul style="list-style-type: none"> Cuid amháin i gceart agus obair lena ngabhann fiúntas i gcuid eile. <i>Páirtchreidiúint Ard:</i> <ul style="list-style-type: none"> Cuid (i) agus (ii) i gceart NÓ Cuid (iii) i gceart 				
	(ii) $\frac{144}{5}$ nó 28.8					
	(iii) $32 \div (2)^2 = 32 \div 4 = 8$					
(b) (i)(ii)	(i) <table border="1" style="width: 100%;"> <tr> <td>12</td> <td>1, 2, 3, 4, 6, 12</td> </tr> <tr> <td>16</td> <td>1, 2, 4, 8, 16</td> </tr> </table>	12	1, 2, 3, 4, 6, 12	16	1, 2, 4, 8, 16	Scála 10C (0, 3, 8, 10) <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> <ul style="list-style-type: none"> Aon fhachtóir amháin ceart. <i>Páirtchreidiúint Ard:</i> <ul style="list-style-type: none"> Cuid (i) nó (ii) i gceart.
	12	1, 2, 3, 4, 6, 12				
16	1, 2, 4, 8, 16					
(ii) Tic curtha le 4 mar HCF						


C2	Réiteach Sampla – 35 Marc	Nótaí Marcála
(a) (i)(ii)	<p>(i) Suim iomlán $= €2.49 + €1.19 + €0.99 + €1.15 + €2.55 = €8.37$</p> <p>(ii) $€50 + €20 + €20 = €90$ Sóinseáil = $€90 - €72.63 = €17.37$</p>	<p>Scála 15D (0, 3, 9, 13, 15) Glac le freagraí cearta gan obair.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Obair lena ngabhann fiúntas in (i) nó (ii) m.sh. in (i) $2.49 + 1.19$ nó a leithéid nó $50 + 20$ in (ii) <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach:</i> Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt</p> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Cuid amháin i gceart. <p><i>Creidiúint Iomlán (-1)</i></p> <p>$837 \div 100$ nó 837 in (i) nó $173700 \div 100$ nó 1737 in (ii)</p>
(b)	<p>(b)</p> <p>(i) Uaireanta a oibríodh = $7 + 8 = 15$ Bunphá = $€18 \times 15 = €270$</p> <p>(ii) Pá in aghaidh na huaire = $€18 \times 1.5 = €27$ Pá iomláin = $€27 \times 6 = €162$</p>	<p>Scála 10D (0, 3, 6, 9, 10) Glac le freagraí cearta gan obair.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Obair lena ngabhann fiúntas i gcuid amháin, m.sh. $7+8$ nó 7×18 nó 8×18 in (i) nó 18×0.5 nó 18×1.5 nó coibhéiseach i (ii) nó 9 gan obair i (ii) <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Cuid amháin i gceart. Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Tá cuid amháin ceart agus tá obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile

	<p>(c)</p> <p>(i) Cáin chomhlán = $\frac{20}{100} \times \text{€}1900 = \text{€}380$</p> <p>(ii) Cáin ghlan = $\text{€}380 - \text{€}312.50 = \text{€}67.50$</p> <p>Glanphá</p> <p>= $\text{€}1900 - \text{€}67.50 = \text{€}1832.50$</p>	<p>Scála 10D (0, 3, 6, 9 10)</p> <p>Glac le freagraí cearta gan obair.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas i bpáirt amháin, m.sh. aon iolrú nó roinnt ar 20 nó 100 in (i) nó $380 - 312$ in (ii) nó 0.2 in (ii) • Comhlán - x • $X - 312.50$ • Freagra ó chuid (i) tugtha anuas go cuid (ii) <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuid (i) i gceart. • Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuid (i) i gceart agus obair lena ngabhann fiúntas i gcuid (ii) • Cuid (ii) ceart
--	--	---

C3	Réiteach Samplach – 25 marc	Nótaí Marcála
(a)	<p>(i) Ceann ar bith díobh seo a leanas: $S_1 = \{4, 5, 9, 10\}$ $S_2 = \{4, 5, 9, 11\}$ $S_3 = \{4, 5, 10, 11\}$ $S_4 = \{4, 9, 10, 11\}$ $S_5 = \{5, 9, 10, 11\}$</p> <p>(ii) Ceann ar bith díobh seo a leanas: $S_6 = \{5\}$ $S_7 = \{11\}$ $S_8 = \{5, 11\}$</p>	<p>Scála 10C (0, 3, 8, 10) <i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Obair lena ngabhann fiúntas i gceachtar cuid, m.sh. aon fhothacar de A nach bhfuil 4 bhail ann in (i) nó aon tacar ina bhfuil uimhreacha príomha in (ii) nó fothacar de A in (ii) <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> (i) nó (ii) ceart. Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt
(b) (i)(ii) &(iii)	<p>(i) Sceallóga amháin</p> <p>(ii) $R \cap F$</p> <p>(iii) {Eoin, Ailín}</p>	<p>Scála 10C (0, 3, 8, 10) Glac le Sceallóga gan amháin <i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Aon cheann ceart. Eoin amháin nó Ailín amháin <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Dhá cheann ceart. <p><i>Míléamh (-1)</i> Freagra Lillian i gcuid (iii)</p>
(c) (i)(ii)	<p>(i)</p>  <p>(ii) $\frac{6}{24}$ nó $\frac{1}{4}$</p>	<p>Scála 5C (0, 2, 3, 5) <i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Obair lena ngabhann fiúntas in aon chuid amháin m.sh. Aon iontráil ceart amháin in (i) nó uimhreoir de 6 nó ainmneoir de 24 in (ii) <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> (i) nó (ii) ceart. Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt


C4	Réiteach Sampla – 20 Marc	Nótaí Marcála
(a) (i)(ii) & (b)	(a) (i) 2 nóiméad (ii) D (b) Tá an fhána is géire aige nó comhchosúil	Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5) <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> <ul style="list-style-type: none"> Obair lena ngabhann fiúntas in (a) nó (b). m.sh. tagairt den fhána in (b). <i>Páirtchreidiúint Mheánach:</i> <ul style="list-style-type: none"> Obair lena ngabhann fiúntas in (a) agus (b) Cuid (a) nó (b) i gceart <i>Páirtchreidiúint Ard:</i> <ul style="list-style-type: none"> Tá cuid amháin ceart agus tá obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile
(c)(i)(ii)	(i) $\frac{15}{60}$ nó $\frac{1}{4}$ (ii) $\frac{5}{\frac{1}{4}} = 20$	Scála 10C (0, 3, 8, 10) Glac le freagra ceart gan obair <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> <ul style="list-style-type: none"> Obair lena ngabhann fiúntas m.sh. uimhreoir de 15 nó ainmneoir de 60 in (i) nó $L = F \div A$ in (ii) Freagra ó chuid (i) tugtha anuas go cuid (ii) <i>Páirtchreidiúint Ard:</i> <ul style="list-style-type: none"> (i) nó (ii) ceart. <i>Creidiúint Iomlán (-1)</i> <ul style="list-style-type: none"> Freagra de 0.25 in (i)
(d) (i)(ii)	(i) €0.50 (ii) $\frac{0.5}{1.50} \times 100 = 33[\%]$	Scála 5C (0, 2, 3, 5) Glac le freagra ceart gan obair <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> <ul style="list-style-type: none"> (i) ceart. Obair lena ngabhann fiúntas in (ii), m.sh. iolrú nó roinnt ar 100 Freagra ó chuid (i) tugtha anuas go cuid (ii) <i>Páirtchreidiúint Ard:</i> <ul style="list-style-type: none"> (i) ceart agus obair lena ngabhann fiúntas in (ii). (ii) i gceart


C5	Réiteach Samplach – 5 Mharc	Nótaí Marcála
	$ \angle a = 85^\circ$ $ \angle b = 140^\circ$ $ \angle c = 55^\circ$	<p>Scála 5C (0, 2, 3, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas. m.sh. Uillinn amháin i gceart, nó obair lena ngabhann fiúntas ar léaráid m.sh. aon péire cearta rinnuillinneacha urchomhaireach, ailtéarnach nó comhfhreagrach sa léaráid sainaitheanta. <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Dhá uillinn i gceart.


C6	Réiteach Sampla – 15 Mharc	Nótaí Marcála
		<p>Scála 15D (0, 3, 9, 13, 15)</p> <p>Céim 1: 10 cm tomhaiste</p> <p>Céim 2: 6 cm tomhaiste</p> <p>Céim 3: 50° tomhaiste</p> <p>Céim 4: Triantán curtha i gcrích</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas m.sh. aon mhírlíne chothrománacha tarraingthe ó A <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Dhá chéim i gceart. <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Trí chéim i gceart.

C7	Réiteach Samplach – 5 Mharc	Nótaí Marcála
	<p>Níor chóir</p> $x + y = 5$ $\underline{x - 2y = -4}$ $3y = 9$ $y = 3$ $x + 3 = 5$ $x = 2$	<p>Scála 5 C (0, 2, 3, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Tic sa bhosca ceart. • Obair lena ngabhann fiúntas chun réiteach a fháil nó ionadaíocht a dhéanamh agus tic curtha sa bhosca mícheart nó gan tic ar bith in aon bhosca nó aon tástáil agus earráid <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Tic sa bhosca ceart agus obair lena ngabhann fiúntas chun réiteach a fháil nó ionadaíocht a dhéanamh. • Cosaint go hiomlán i gceart gan tic i mbosca

C8	Réiteach Samplach – 60 Marc	Nótaí Marcála																												
(a)	<table border="1" data-bbox="316 264 839 488"> <tr> <td>17</td> <td>9</td> <td></td> <td></td> <td></td> <td></td> </tr> <tr> <td>18</td> <td>5</td> <td>6</td> <td>7</td> <td>7</td> <td>9</td> </tr> <tr> <td>19</td> <td>0</td> <td>1</td> <td>2</td> <td>6</td> <td>7</td> </tr> <tr> <td>20</td> <td>0</td> <td></td> <td></td> <td></td> <td></td> </tr> </table> <table border="1" data-bbox="453 544 715 600"> <tr> <td>19</td> <td>1</td> <td>=</td> <td>191</td> </tr> </table>	17	9					18	5	6	7	7	9	19	0	1	2	6	7	20	0					19	1	=	191	<p>Scála 20C (0, 7, 13, 20)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Iontráil ar bith atá i gceart. <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 6 iontráil i gceart. <p><i>Creidiúint Iomlán (-1)</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Iontráil amháin mícheart nó iontráil amháin in easnamh
17	9																													
18	5	6	7	7	9																									
19	0	1	2	6	7																									
20	0																													
19	1	=	191																											
(b)(i) (ii)(iii)	<p>(i) $\frac{2279}{12} = 189.9$ Glac le slánú go 190</p> <p>(ii) $\frac{189+190}{2} = 189.5$</p> <p>(iii) $200 - 179 = 21$</p>	<p>Scála 10D (0, 3, 6, 9, 10)</p> <p>Glac le freagraí cearta gan obair.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla: suimiú ábhartha nó uimhreacha sainaitheanta. <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuid amháin i gceart. • Obair lena ngabhann fiúntas in dhá chuid <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Dhá chuid chearta • Obair lena ngabhann fiúntas sna trí chuid go léir 																												
(b)(iv)	<p>(iv) Raon</p> <p>Beidh gach aois méadaithe faoi 6 mhí ionas nach mbeidh athrú ar an raon nó a choibhéis</p>	<p>Scála 5B (0, 2, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuireadh tic sa bhosca ceart gan aon chosaint. 																												

<p>(c)(i) (ii)(iii)</p>	<p>(i) 3</p> <p>(ii) $\frac{5}{12}$ $\frac{3}{12}$</p> <p>(iii) 120° 150°</p>	<p>Scála 15D (0, 3, 9, 13, 15) Glac le freagraí cearta gan obair.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla: suimiú nó dealú ábhartha. <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuid amháin i gceart. • Obair lena ngabhann fiúntas in dhá chuid ar bith <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Dhá chuid chearta. • Cuid amháin i gceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt eile
<p>(c)(iv)</p>		<p>Scála 10B (0, 6, 10)</p> <p><i>Páirtchreidiúint:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Teascóg amháin lipéadaithe i gceart <p><i>Creidiúint Iomlán (-1)</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Lipéadú mícheart nó gan lipéadú ar bith

C9	Réiteach Sampla – 20 Marc	Nótaí Marcála
(a), (b)	<p>(a)</p>  <p>(b)</p> $7 \times 5 = 35$ $7 \times 2 = 14 \times 2 = 28$ $5 \times 2 = 10 \times 2 = 20$ $35 + 28 + 20 = 83 \text{ cm}^2$	<p>Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5)</p> <p>Glac le freagra ceart gan obair is é sin, 83 cm^2</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Achar ceart d'aghaidh amháin in (b). • Aon líne chothrománach nó cheartingearach atá 2, 5 nó 7 cm ar fad. <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuid amháin i gceart. • Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt. <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuid amháin i gceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile. <p><i>Creidiúint Iomlán (-1)</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Aonad mícheart nó gan aonad ar bith • Eangach bosca dronuilleogach dúnta
(c)	<p>15 [cm]</p> <p>6 [cm]</p>	<p>Scála 10B (0, 6, 10)</p> <p><i>Páirtchreidiúint:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Tomhas amháin i gceart.
(d)	<p>$25 + 25 + 20 + 20 = 90$</p> <p>NÓ</p> <p>1 g = 0.05 nóiméad</p> <p>1400 g = 70</p> <p>70 + 20 = 90</p>	<p>Scála 5C (0, 2, 3, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla: suimiú nó coinbhéartú ábhartha, m.sh. $500\text{g} = 0.5\text{kg}$ <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 70 le obair.

C.10	Réiteach Sampla – 20 Marc	Nótaí Marcála
(a)(i)(ii)	<p>(i) $A (1, 2)$ $B (4, 1)$</p> <p>(ii) $\sqrt{(4 - 1)^2 + (1 - 2)^2}$ $= \sqrt{10}$ $= 3.1622$ $= 3.2$</p> <p>Type equation here. nó</p> <p>$AB ^2 = 3^2 + 1^2$ $= 9 + 1$ $= 10$</p> <p>$AB = \sqrt{10}$ $= 3.1622$ $= 3.2$</p>	<p>Scála 10C (0, 3, 8, 10)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla: comhordanáid amháin i gceart in (i) nó roinnt ionadaithe ceart in (ii) nó foirmle cheart a bhaint ó na táblaí <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • (i) nó (ii) ceart. <p><i>Míléamh (-1):</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Comhordanáid A agus B casta thart <p><i>Creidiúint Iomlán (-1):</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Níl an freagra slánaithe go hionad deachúlach amháin, is é sin, 3.1622 or $\sqrt{10}$
(b)		<p>Scála 5B (0, 2, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Aon phointe ábhartha a shainaithnítear m.sh. (0, -5)

<p>(c)(i)(ii)</p>	<p>(i) $y = 3x + k, k \neq -2$</p> <p>(ii) $y = x - 2$ Nó luach ar bith eile do m</p>	<p>Scála 5C (0, 2, 3, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla: cothromóid líne scríofa i bhfoirm $y = mx + c$ <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • (i) nó (ii) i gceart • Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid m.sh. scríobhtar cothromóid líne san fhoirm $y = mx + c$ sa dá chuid
--------------------------	---	--

C11	Réiteach Samplach – 30 Marc	Nótaí Marcála
(a)(i)(ii)	<p>(i) 5 [m]</p> <p>(ii) $\pi(5)$ $= 15.7$ [m] ≈ 16 [m]</p>	<p>Scála 15C (0, 3, 10, 15)</p> <p>Glac le freagra ceart gan obair</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> (i) ceart agus obair lena ngabhann fiúntas in (ii). <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> (i) ceart agus obair lena ngabhann fiúntas in (ii) is é sin, 5π (ii) i gceart <p><i>Creidiúint Iomlán (-1)</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Slánú mícheart nó gan slánú ar bith
(b)	$10^2 = x^2 + 5^2$ $x^2 = 75$ $x = \sqrt{75}$ $x = 8.7$ [m]	<p>Scála 10C (0, 3, 8, 10)</p> <p>Glac le freagra ceart gan obair</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Ionadú ceart éigin san fhoirmle ceart. Obair lena ngabhann fiúntas m.sh. ionadú ceart isteach i bhfoirmle ceart $C^2 = a^2 + b^2$ nó comhchosúil Aon chéim triantánúil ceart <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Ionadú go hiomlán ceart isteach san fhoirmle. Ionadú ceart isteach i bhfoirmle mhícheart agus curtha i gcrích go ceart <p><i>Creidiúint Iomlán (-1)</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Slánú mícheart nó gan slánú ar bith nó freagra de $5\sqrt{3}$

C11	Réiteach Samplach – 30 Marc	Nótaí Marcála
(c)(i)(ii)	<p>(i) $\frac{5}{10}$ nó codán coibhéiseach</p> <p>(ii) $\sin^{-1}\left(\frac{5}{10}\right)$ = 30°</p>	<p>Scála 5C (0, 2, 3, 5) Glac le freagraí cearta gan obair.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Uimhreoir nó ainmneoir i gceart in (i). • Roinnte oibre lena ngabhann fiúntas in (ii) , m.sh. trácht ar \sin^{-1} • Freagra in (i) tugtha anuas go (ii) <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • (i) nó (ii) ceart. <p><i>Creidiúint Iomlán (-1):</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Áireamhán sa mhód mícheart , i gceart seachas sin

C12	Réiteach Samplach – 5 Mharc	Nótaí Marcála
(a)	<p>(a)</p> $5(4 + 3(-3))$ $= 5(4 - 9)$ $= 5(-5)$ $= -25$ <p>(b)</p> $(x + 8)(x - 3)$ <p>(c)</p> $2x(x - 4) + 3(x - 4)$ $2x^2 - 8x + 3x - 12$ $2x^2 - 5x - 12$	<p>Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5)</p> <p>Glac le freagra ceart in (a) gan obair</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Roinnt ionadaithe ceart in (a). • Téarma amháin iolraithe i gceart in (a) nó (c). • Obair lena ngabhann fiúntas m.sh. x a shainaitheint nó 3 in (b) <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuid amháin ceart • Obair lena ngabhann fiúntas in (a) agus (b) agus (c). <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Dhá chuid chearta. • Tá cuid amháin i gceart agus tá obair lena ngabhann fiúntas sa 2 chuid eile